Heritage Keepers
EXPLORE AND ENHANCE YOUR PLACE

# An Chloch Fholaigh sa Chlós Scoile

Lá amháin thug mé rud éigin aisteach faoi deara nuair a bhí mé ag imirt peile sa chlós scoile ag am lóin. Bhí píosa de chloch, ar a raibh patrún aisteach, ag gobadh amach ón talamh ar imeall an chlóis. Bhí cuma shean ar an gcloch – an-sean go deo.

Nuair a thaispeáin mé an píosa cloiche do mo mhúinteoir bhí sceitimíní orthu. “Seans maith gur cuid de rud éigin stairiúil é seo!” arsa siad. Ghlac an rang ar fad páirt ansin, muid go léir ag déanamh taighde agus ag cur ceisteanna. Thug muid cuireadh do staraí áitiúil teacht ar cuairt, agus dúirt siad linn gurbh éard a bhí ann ná píosa as balla de sheanchaisleán.

Go luath ina dhiaidh sin, thosaigh muid ag tarraingt pictiúr chun dealramh an chaisleáin mar a bhíodh sé a léiriú. Scríobh muid dráma faoi na daoine a bhíodh ina gcónaí ann, agus chuir muid an dráma i láthair ar lá mór oidhreachta sa scoil. Tháinig tuismitheoirí, comharsana agus an nuachtán áitiúil fiú chun féachaint air. Mar gheall ar an bpíosa cloiche sin sa chlós scoile thuig muid go raibh an t-uafás staire suite díreach faoi bhoinn ár gcosa féin, stair a bhaineann lenár gceantar féin.